AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.5.2020
COM(2020) 214 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar i leith na dtásc geografach agus a gcosaint

IARSCRÍBHINN

[DRÉACHT]-CHOMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS RIALTAS DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE
MAIDIR LE COMHAR AGUS COSAINT NA dTÁSC GEOGRAFACH

RIALTAS DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE, de pháirt amháin,

agus

AN tAONTAS EORPACH, den pháirt eile,

dá ngairtear na "Páirtithe" anseo feasta,

ÓS RUD É go gcomhaontaíonn na Páirtithe ar chomhar comhchuí a chur chun cinn eatarthu agus ar fhorbairt na dtásc geografach mar a shainítear in Airteagal 22(1) den Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ("Comhaontú TRIPS") a chur chun cinn agus trádáil táirgí a chothú a mbeadh na tásca geografacha sin orthu ar de thionscnamh chríocha na bPáirtithe iad;

TAR ÉIS CINNEADH AR CHOMHAONTÚ A THABHAIRT I gCRÍCH:

Airteagal 1
Raon feidhme an Chomhaontathe

1. Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis an gcomhar i dtaca le tásca geografacha na dtáirgí ar de thionscnamh chríocha na bPáirtithe iad, agus maidir leis na tásca sin a chosaint.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe leathnú a dhéanamh ar raon feidhme na dtásc geografach arna gcumhdach ag an gComhaontú seo tar éis dó teacht i bhfeidhm chun aicmí táirgí eile a chumhdach a bhaineann le tásca geografacha nach gcumhdaítear le raon feidhme na reachtaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2, agus go háirithe lámhcheardaíochtaí, trí fhorbairt reachtach na bPáirtithe a chur san áireamh.

   Chun na gcríoch dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 1, mír 2, chuir na Páirtithe ainmneacha isteach in Iarscríbhinn VII lena sainaithnítear táirgí ar de thionscnamh a gcríche iad agus a chosnaítear sa chríoch sin, táirgí a dtabharfar tosaíocht dóibh, ar mhéadú raoin feidhme cosanta an Chomhaontaithe seo, le haghaidh cosanta i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chomhaontú seo.

   Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh i méadú raoin feidhme an Chomhaontaithe seo laistigh de dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus déanfaidh siad athbhreithniú gach dara bliain ina dhiaidh sin.

Airteagal 2
Sonraí geografacha seanbhunaithe

1. Chinn na Páirtithe go mbunaítear lena reachtaíocht faoi seach a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú, na heilimintí riachtanacha le haghaidh an nóis imeachta le haghaidh clárú agus cosaint na dtásc geografach mar a shainítear in Airteagal 22(1) de Chomhaontú TRIPS.

Aontaíonn na Páirtithe gurb iad seo a leanas na heilimintí riachtanacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 2(1):

(a) clár amháin nó níos mó ina liostaítear tásca geografacha arna chumhdach sa chríoch lena mbaineann;

(b) próiseas riaracháin lena bhfíoraítear go sainaithníonn tásc geografach earra mar earra de thionscnamh críche nó ceantair i gceann de na Páirtithe, i gcás ina mbíonn cáilíocht, cáil nó tréith eile den earra inchurtha i leith a thionscnaimh gheografaigh;

(c) ceanglas go mbeidh ainm cláraithe ag freagairt do tháirge sonrach nó do tháirgí lena leagtar síos sonraíocht táirge nach féidir a leasú ach le próis riaracháin chuí;

(d) forálacha rialaithe is infheidhme maidir le táirgeadh;

(e) forfheidhmiú ar chosaint na n-ainmneacha cláraithe le gníomhaíocht riaracháin chuí ag na húdaráis phoiblí;

(f) ceart a bheith ag aon táirgeoir atá bunaithe sa cheantar agus a ghéilleann don chóras rialuithe, táirgí a chur ar an margadh a bhfuil lipéad orthu ar a bhfuil an t-ainm atá faoi chosaint, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an táirgeoir na sonraíochtaí táirge;

(g) nós imeachta freasúra lena mbeifear in ann leasanna dlisteanacha úsáideoirí ainmneacha a bhí ann roimhe sin a chur san áireamh, bíodh na hainmneacha sin faoi chosaint mar chineál maoine intleachtúla nó ná bíodh.

2. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn II le haghaidh thásca geografacha Dhaon-Phoblacht na Síne a liostaítear in Iarscríbhinn III, atá cláraithe ag Daon-Phoblacht na Síne faoina reachtaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I, glacann an tAontas Eorpach mar chúram air féin na tásca geografacha sin a chosaint i gcomhréir le leibhéal cosanta nach lú é ná mar a leagtar síos sa Chomhaontú seo.

3. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn II le haghaidh thásca geografacha an Aontais Eorpaigh a liostaítear in Iarscríbhinn IV, atá cláraithe ag an Aontas Eorpach faoina reachtaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I, glacann Daon-Phoblacht na Síne mar chúram air féin na tásca geografacha sin a chosaint i gcomhréir le leibhéal cosanta nach lú é ná mar a leagtar síos sa Chomhaontú seo.

4. Tá feidhm leis an Airteagal sin gan dochar maidir le haon ghealltanais de chuid na bPáirtithe a thug siad roimhe seo agus a fuarthas as Airteagal 3 de chuid Chomhaontú TRIPS maidir le Cóireáil Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Airteagal 3
Sonraí geografacha a chur leis

1. A mhéid a bhaineann le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn V nó VI, tuigeann na Páirtithe go ndéanfar próiseáil orthu de réir théarmaí an Chomhaontaithe

seo le linn an chéad cheithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.[1].

2. Maidir le leasuithear na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn III agus IV, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san fhoirm a bheidh leagtha amach Iarscríbhinn II, beidh siad faoi réir na nósanna imeachta iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 10(3) .[2].

Airteagal 4
Raon feidhme cosanta na sonraí geografacha[3]

1. I dtaca leis na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IV, lena n-áirítear tásca geografacha a cuireadh leis de bhun Airteagal 3 den Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí iad a chosaint ar[4]:

   (a) trí úsáid a bhaint as modh ar bith in ainmniú nó i gcur i láthair earra a thabharfadh le fios nó a chuirfeadh in iúl go bhfuil an t-earra atá i gceist de thionscnamh ceantair nach é an fhíoráit tionscnaimh é ar mhodh a chuireann an pobal amú i dtaca le tionscnamh geografach an bhia;

   (b) aon úsáid a bhaintear as tásc geografach lena sainaithnítear táirge comhionann nó comhchosúil nach bhfuil de thionscnamh na háite a chuirtear in iúl leis an tásc geografach atá i gceist, fiú amháin i gcás ina gcuirtear fíorthionscnamh na n-earraí in iúl nó ina mbaintear leas as an tásc geografach mar aistriúchán, tras-scríobh [5]nó traslitriú , nó ina mbeadh nath amhail“cineál”, “sórt”, “stíl”, “aithris” nó a mhacasamhail ag gabháil leo;

---

1 I ngach cás seachas i gcásanna eisceachtúla nó sna cásanna is casta, tuigeann na Páirtithe go measfar go mbeidh próiseáil déanta ar na tásca geografacha nuair a bheidh na nósanna imeachta uile a bhaineann lena scrúdú, foilsiú, freasúra, achomhairc nó aon nós imeachta eile arna mbunú chun iad a chosaint, imithe in éag agus nuair a dhéanfar an cinneadh riaracháin maidir leis an tásc geografach sin a dhiúltú nó a chosaint.

2 Aontaíonn na Páirtithe go mbeidh na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn V agus in Iarscríbhinn VI ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe faoi réir na nósanna imeachta céanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3).

3 Deimhníonn na páirtithe go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí faoin gcomhaontú seo trí fhorfheidhmiú na reachtaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I. Maidir le cosaint thásca geografacha an Pháirtí eile a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa Chomhaontú seo, tugann na Páirtithe dá n-aire gur féidir leo a gcórais náisiúnta uile nó aon cheann díobh a úsáid. Tugtar dá n-aire nach mbainfidh aon cheann de na Páirtithe leas as forálacha a gcuid rialachán faoi seach maidir le trádmharc chun tásca geografacha an Pháirtí eile a fhoilsiú nó chun stádas an táisc gheografaigh a dheonú do na hainmneacha a leagtar amach sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo. Maidir lena mhéid a úsáideann na Páirtithe a gcuid rialachán Trádmhairc chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, leagtar amach é in Airteagal 6.

4 Chun críocha an Airteagail seo agus a mhéid nach bhfuil sé ag teacht salach ar fhorálacha Roinn 3 de Chuid II de Chomhaontú TRIPS, aontaíonn na Páirtithe gur féidir go gcuimseofaí le ‘úsáid ar bith’ nó ‘úsáid a bhaint as modh ar bith’ úsáid tráchtála dhíreach nó indíreach a bhaint as ainm faoi chosaint, lena n-áirítear aithris, nó úsáid a thabharfadh nasc nó baint le fios nó a chuirfeadh é in iúl idir an táirge atá i gceist agus an t-ainm atá faoi chosaint. Is féidir go gcuimseofaí le ‘hainmniú nó cur i láthair earra’ aon tásc bréagach nó míthreorach eile maidir le bunáitíocht, tionscnamh, cineál nó cáilíochtaí bunriachtanacha an táirge, ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an táirge áirithe, chomh maith le pacáil an táirge i gcoimeádán ar dócha go mbainfí míthuairim as maidir le tionscnamh an táirge.

5 Cumhdaítear leis an téarma “tras-scríobh” na tásca geografacha a thras-scríobh a chumhdaítear faoin gComhaontú seo i gcarachtair Laidineacha nó i gcarachtair nach carachtair Laidineacha iad go carachtair Dhaon-Phoblacht na Síne, de pháirt amháin, agus tras-scríobh ar na tásca geografacha a chumhdaítear faoin gComhaontú seo i gcarachtair Dhaon-Phoblacht na Síne go carachtair Laidineacha nó carachtair nach carachtair Laidineacha iad a

(c) aon úsáid a bhaintear as tásc geografach lena sainaithnítear táirge comhionann nó comhchosúil do tháirgí inchomparáide nach gcomhlíonann sonraíocht táirge an ainm faoi chosaint;

2. I gcás tásca geografacha atá comhainmneach go hiomlán nó i bpáirt, tabharfar cosaint do gach tásc. Maidir le tásc geografach, ainneoin é a bheith fíor go litriúil i dtaca leis an gcríoch, réigiún nó ceantar ar de thionscnamh na hearraí, a chuireann in iúl go bréagach don phobal gur de thionscnamh críche eile na hearraí, ní thabharfar cosaint don tásc sin. .

Rachaidh gach Páirtí i gcomhairle, a mhéid is féidir, leis an bPáirtí eile sula gcinnfear ar na coinníollacha praiticiúla faoina ndéanfar na tásca comhainmneacha lena mbaineann a dhifreáil óna chéile, ag tógáil san áireamh an gá le deimhin a dhéanamh de go gcaitear go cothrom leis na táirgeoirí lena mbaineann agus nach gcuirtear tomhaltóirí amú.

3. A mhéid a bhaineann le háireamh na dtásc geografach de bhun Airteagal 3, ní cheanglófar ar Pháirtí ainm a chosaint mar thásc geografach ar ainm é atá ag teacht salach ar ainm cineáil planda nó ainm póir ainmhí agus ar dhóigh a chuirfidh an tomhaltóir amú i dtaca le tionscnamh ceart an táirge.

4. I gcás ina molann Páirtí, i gcomhthéacs caibidlíochta le tríú tír, tásc geografach den tríú tír sin a chosaint, agus go bhfuil an t-ainm comhainmneach le tásc geografach den Pháirtí eile atá faoi chosaint faoin gComhaontú seo, cuirfear an Páirtí eile sin ar an eolas agus tabharfar an deis dó tuairim a thabhairt sula gcuirfear an t-ainm faoi chosaint.

5. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo oibleagáid ar Pháirtí tásc geografach Páirtí eile a chosaint ar ainm é nach bhfuil faoi chosaint, nó a scoireann de chosaint a bheith aige, ina thír thionscnaimh, nó nach bhfuil in úsáid a thuilleadh sa tír sin. Cuirfidh gach Páirtí an Páirtí eile ar an eolas má scoireann ceann dá dtásca geografacha de chosaint a bheith aige ina thír thionscnaimh nó mura bhfuil sé in úsáid a thuilleadh.

6. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo dochar ar bith don cheart atá ag aon duine, le linn trádála dó, úsáid a bhaint as ainm an duine sin nó ainm réamhtheachtaí an duine sin sa ghnó, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear an t-ainm sin ar dhóigh a chuirfeadh an pobal amú.

Airteagal 5
Ceart úsáide na dtásc geografach

1. Is féidir tásc geografach atá faoi chosaint faoin gComhaontú seo a úsáid ar tháirge dlisteanach ar bith atá i gcomhréir le sonraíocht theicniúil an tásca gheografaigh sin agus atá ag teacht le ceanglais uile reachtaíocht iomchuí an Pháirtí ar dá thionscnamh an tásc geografach mar a liostaítear in Iarscríbhinn I.

2. A luaithe a bheidh tásc geografach faoi chosaint faoin gComhaontú seo, féadfaidh na táirgí a bheidh faoi chosaint ag an tásc geografach sin siombailí oifigiúla thásc

úsáidtear sa Aontas Eorpach, de pháirt eile. Sainíonn Iarscríbhinní III, IV, V agus VI an t-ainm bunaidh agus a thras-scríobh atá le cosaint faoin gComhaontú seo, agus a aistriúchán chun críoch faisnéise.

geografach an Pháirtí eile i gcríoch chéanna an Pháirtí sin a bheith orthu, i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Cuimseofar tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn III i gclár iomchuí an Aontais le héifeacht ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin[6]. Na táirgí a a chuimsítear ag tásc geografach atá faoi chosaint faoin gComhaontú seo agus a liostaítear in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear na Tásca Geografacha sin a chuirtear in Iarscríbhinn III i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú seo, féadfaidh siad an tsiombail Eorpach bheith orthu atá i gcomhréir le Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint nó Tásc Geografach faoi Chosaint i gcríoch an Aontais sin. Tar éis measúnú de réir cáis a dhéanamh, cinnfidh an tAontas ar thásca geografacha a chur isteach a liostaítear in Iarscríbhinn III, lena n-áirítear na tásca Geografacha sin a cuireadh in Iarscríbhinn III i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú seo, i gclár iomchuí an Aontais mar Shonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint nó mar Thásc Geografach faoi chosaint. Cuimseofar na tásca geografacha sin sa chlár le héifeacht ó dháta iarratais an chinnidh sin.

Maidir leis na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV, féadfar úsáid a bhaint as na siombailí a chomhfhreagraíonn do Tháirgí na dTásc Geografach mar a leagtar síos i reachtaíocht Dhaon-Phoblacht na Síne.

A luaithe a bheidh tásc geografach faoi chosaint faoin gComhaontú seo, féadfaidh na táirgí a bheidh faoi chosaint ag an tásc geografach sin siombailí oifigiúla a bheith orthu i gcomhréir le reachtaíocht an Pháirtí tionscnaimh a liostaítear in Iarscríbhinn I, i gcríoch an Pháirtí eile, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais lipéadaithe ginearálta an Pháirtí sin.

Beidh an mhír sin gan dochar do cheart ceachtar den dá Pháirtí córas chun úsáid na siombailí oifigiúla a údarú a chur in oiriúint nó a chothabháil le haghaidh tásca geografacha ar de thionscnamh a chríche é.

3. A luaithe a bheidh tásc geografach faoi chosaint faoin gcomhaontú, ní bheidh úsáid an ainm sin faoi chosaint ag aon úsáideoir i gcríoch an Pháirtí eile faoi réir aon fhaomhadh riaracháin úsáideoirí, nó muirear breise riaracháin. Moltar don sealbhóir cirt nó do chomhlacht rialúcháin tásc geografach liosta úsáideoirí a sholáthar d'údaráis inniúla an Pháirtí eile chun forfheidhmiú a éascú faoin gComhaontú seo.

Airteagal 6
An gaol le trádmharcanna

1. Ar bhonn *Ex officio* nó ar iarratas a fháil ó pháirtí leasmhar, déanfaidh na Páirtithe clárú trádmhairc a dhiúltú nó a neamhbhailíochtú, ar trádmharc é arb é atá ann[7] tásc geografach nó a aistriúchán nó tras-scríobh, i leith táirgí comhionanna nó comhchosúla nár chuir an tásc geografach sin a dtionscnamh in iúl, i gcomhréir lena rialacha faoi seach, ar choinníoll gur cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc tar éis dáta cosanta na dtásc geografach a liostaítear in Iarscríbhinn III nó

[6] Beidh an chosaint chéanna ag na Tásca Geografacha ó 55-68 in Iarscríbhinn V agus an chosaint atá á soláthar do na Tásca Geografacha faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear na cearta céanna chun an tsiombail Eorpach atá ag comhfhreagairt do Shonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint nó do Thásc Geografach faoi Chosaint i gCríoch an Aontais mar a fhoráiltear san airteagal seo; agus ar féidir é a chur isteach sa chlár nuair a leathnófar reachtaíocht an Aontais chun é a chumhdach.

[7] Chun críocha an Airteagail seo, maidir le tásca geografacha a chosaint, measfar gurb ionann "is ionann agus" agus "comhionann nó beagnach comhionann le".

IV, nó tar éis dháta an iarratais le haghaidh chosaint na dtásc geografach dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chomhaontú seo, sa chríoch lena mbaineann.

2. Arna iarraidh sin ag páirtí leasmhar, diúltóidh na Páirtithe clárú nó déanfaidh siad neamhbhailí clárú trádmhairc a chuireann in iúl go bhfuil an t-earra atá i gceist de thionscnamh limistéar geografach seachas fíoráit tionscnaimh maidir le hearraí comhionanna nó comhchosúla, ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc a chur isteach tar éis dáta cosanta na dtásc geografach a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IV, nó tar éis an dáta ina ndéantar iarratas ar chosaint na dtásc geografach dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chomhaontú seo, sa chríoch lena mbaineann[8].

3. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo oibleagáid ar Pháirtí tásc geografach an Pháirtí eile a chosaint faoin gComhaontú seo más rud é, i bhfianaise an chlú agus na cáile atá ar an trádmharc, gur cosúil go gcuirfeadh an chosaint tomhaltóirí amú maidir le fíorchéannacht an táirge.

4. Maidir leis an gcosaint arna soláthar do na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV, tríd an gComhaontú seo, tá sé gan dochar d'úsáid agus d'athnuachan leanúnach an trádmhairc ar cuireadh iarratas isteach air, a cláraíodh, nó a bunaíodh de mheon macánta trí úsáid má fhoráiltear don fhéidearthacht sin leis an reachtaíocht lena mbaineann, roimh dháta cosanta na dtásc geografach a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IV, nó roimh an dáta a ndearnadh iarratas ar chosaint na dtásc geografach dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chomhaontú seo.

   Is féidir go leanfar de bheith ag úsáid agus ag athnuachan na dtrádmharc dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 6(4)., ar choinníoll nach mbeidh aon fhoras le neamhbhailíocht nó cúlghairm sa reachtaíocht maidir le trádmharcanna na bPáirtithe. Tuigtear gur féidir cosaint na dtásc geografach a sholáthar faoi reachtaíocht seachas na dlíthe trádmhairc, amhail reachtaíocht dá bhforáiltear cosaint *sui generis* na dtásc geografach.

   Maidir leis an dáta cosanta agus dáta a ndéantar iarratas ar chosaint, cinntear iad i gcomhréir le mír 5.

5. Chun críocha mhíreanna 1, 2 agus 4 den Airteagal seo, is iad seo a leanas an "dáta cosanta" agus an "dáta a ndearnadh iarratas ar chosaint":

   – Maidir le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IV, beidh an dáta cosanta ann tráth nach déanaí ná dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

   – Maidir le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinní V agus VI, is ionann an dáta a ndéantar iarratas ar chosaint agus dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; beidh an dáta cosanta ann tráth nach déanaí ná dáta theacht i bhfeidhm an mhodhnaithe ábhartha ar Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IV.

   – Maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 2, feidhmeoidh an dáta foilsithe chun tásc geografach a chosaint mar an dáta a ndéantar iarratas ar an tásc geografach sin a chosaint agus beidh an dáta cosanta ann tráth nach

[8] Níl feidhm ag Airteagal 6(1) má chuireann iarratasóir isteach ar thrádmharc atá comhionann le trádmharc cláraithe ar leis féin é maidir le táirge comhionann.

déanaí ná dáta theacht i bhfeidhm an mhodhnaithe ábhartha a ghabhann le hIarscríbhinn III nó IV.

6. A mhéid a bhaineann le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinní V agus VI ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, diúltófar do thrádmharcanna a ndearnadh iarratas orthu tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chomhfhreagraíonn do cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 1.

   A mhéid a bhaineann le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn III maidir le dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, toimhdeofar go ndearnadh iarratas de mheon mímhacánta ar thrádmharcanna a ndearnadh iarratas orthu san Aontas Eorpach idir an dáta foilsithe le haghaidh freasúra agus teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chomhfhreagraíonn do cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 1.

   A mhéid a bhaineann le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinní IV ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, diúltófar do thrádmharcanna a ndearnadh iarratas orthu i nDaon-Phoblacht na Síne tar éis 3 Meitheamh 2017 agus a chomhfhreagraíonn do cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 7
Cosaint a fhorfheidhmiú

Déanfaidh na Páirtithe an chosaint dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo a fhorfheidhmiú le gníomhaíocht iomchuí óna n-údaráis. Déanfaidh siad an chosaint sin a fhorfheidhmiú arna iarraidh sin ag páirtí leasmhar. Tá an t-alt sin gan dochar do chearta na bpáirtithe leasmhara chun forfheidhmiú breithiúnach a chuardach.

Airteagal 8
Rialacha ginearálta

1. Beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe seo gan dochar d'aon ghealltanas de chuid na bPáirtithe roimhe sin a eascraíonn as comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cosaint na dtásc geografach agus lena bhforfheidhmiú.

2. Déanfar allmhairiú, onnmhairiú agus margú ar tháirgí a bhfuil tásca geografacha orthu agus a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IV i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme i gcríoch an Pháirtí ina gcuirtear na táirgí ar an margadh.

3. Is sa Chomhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 10 a dhéileálfar le haon ábhar a eascraíonn ó shonraíochtaí teicniúla na dtáirgí cláraithe.

4. Maidir leis an bhfaisnéis ar thásca geografacha, go háirithe na sonraíochtaí teicniúla maidir le tásc geografach a chlárú mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, lena n-áirítear aon leasuithe a dhéanfar amach anseo, déanfaidh údaráis an Pháirtí atá sa chríoch ar dá thionscnamh an tásc geografach lena mbaineann a scrúdú agus a fhormheas.

Airteagal 9
Trédhearcacht agus malartú faisnéise

1. Déanfaidh na Páirtithe, tríd an gComhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 10 nó, go díreach trí na pointí teagmhála bunaithe nuair nach bhfuil an Comhchoiste ar seisiún, teagmháil a choinneáil ar bun i dtaca le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmiú an Comhaontaithe. Go háirithe, féadfaidh Páirtí a iarraidh ón bPáirtí

eile faisnéis a bhaineann le dlíthe agus rialacháin iomchuí, faisnéis maidir le tásca geografacha, iad a mhodhnú, agus faisnéis maidir le pointí teagmhála le haghaidh forálacha rialaithe. Beidh na pointí rialaithe freagrach freisin as an doiciméadacht riachtanach a bhaineann leis na hainmneacha a liostaítear sna hIarscríbhinní a fháil.

Sainaithneoidh agus cuirfidh gach Páirtí an pointe teagmhála in iúl le haghaidh ábhar a aithnítear i bhfomhír 1.

Le haghaidh Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne, is é an pointe teagmhála an Roinn Trádála agus Dlí, Aireacht Trádála na Síne.

Le haghaidh an Aontais Eorpaigh, is é an pointe teagmhála Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe.

2. Féadfaidh gach Páirtí an fhaisnéis maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 8(4) a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear an tsonraíocht theicniúil nó achoimre de, maidir le pointí teagmhála le haghaidh forálacha rialaithe atá i gcomhréir le tásca geografacha an Pháirtí eile arna gcosaint faoin gComhaontú seo.

Airteagal 10
Comhchoiste

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Comhchoiste ina mbeidh ionadaithe ón dá Pháirtí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus treisiú a dhéanamh ar a gcomhar agus idirphlé maidir le tásca geografacha.

2. Glacfaidh an Comhchoiste a gcinntí de chomhthoil. Cinnfidh sé a nósanna imeachta féin. Tiocfaidh sé le chéile ar a laghad uair sa bhliain nó ag aon am arna chomhaontú sin ag na Páirtithe, ar bhonn idirmhalartach san Aontas Eorpach agus i nDaon-Phoblacht na Síne, tráth agus áit agus ar bhealach (a bhféadfadh físchomhdháil a bheith san áireamh ann) arna chinneadh sin ag an dá Pháirtí ach tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis na hiarrata.

3. Déanfaidh an Comhchoiste feidhmiú ceart an Comhaontaithe seo a áirithiú agus cuirfidh sé san áireamh aon ábhar a bhaineann le hé a chur chun feidhme nó a fheidhmiú. Go háirithe, beidh sé freagrach as:

   (a) Iarscríbhinn I a leasú a mhéid a bhaineann le tagairtí don dlí is infheidhme maidir leis na Páirtithe agus Iarscríbhinní eile an Chomhaontaithe seo a leasú;

   (b) faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí reachtacha agus beartais a mhéid a bhaineann le tásca geografacha agus aon ábhar comhleasa eile i réimse na dtásc geografach;

   (c) faisnéis a mhalartú maidir le tásca geografacha chun a gcumhdach a chur san áireamh i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Airteagal 11
Comhar

Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar lena chéile d'fhonn tacú le cur chun feidhme na ngealltanas agus na n-oibleagáidí ar tugadh fúthu sa Chomhaontú seo. Áirítear ar na réimsí comhair, i measc nithe eile, na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) faisnéis a mhalartú d'fhonn tacú le feidhmiú an Chomhchoiste;

   (b) taithí maidir le forfheidhmiú a mhalartú ar fháil iarratais dó ón bPáirtí eile;

(c) forbairt cumais lena n-áirítear i dtaca le forfheidhmiú cosanta, agus i dtaca leis an ngaol idir trádmharcanna agus tásca geografacha;

(d) faisnéis a fhorbairt chun oibriú an Chomhaontaithe seo a bharrfheabhsú; agus

(e) faisnéis a chur chun cinn agus a scaipeadh maidir le tásca geografacha i measc, *inter alia*, ciorcail ghnó agus na sochaí sibhialta, mar aon le feasacht phoiblí i leith tomhaltóirí agus sealbhóirí cirt a chur chun cinn.

Airteagal 12
Raon feidhme críochach

Tá feidhm ag an gComhaontú seo, de pháirt amháin, sna críocha ina gcuirtear i bhfeidhm an Conradh i dtaca leis an Aontas Eorpach agus an Conradh maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Comhaontuithe sin agus, den pháirt eile, maidir le Daon-Phoblacht na Síne i dtaca le críoch chustaim uile na Síne.

Airteagal 13
Téacsanna barántúla

Dréachtaíodh an Comhaontú seo i ndúblach i dteanga chaighdeánach na Sínise agus sa Bhéarla. Aistreofar é freisin go Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis, agus Sualainnis, agus gach téacs chomh barántúil lena chéile. I gcás neamhréireachtaí maidir leis an mbrí, tabharfar tosaíocht do na téacsanna Béarla agus Sínise.

Airteagal 14
Teacht i bhfeidhm, leasuithe agus foirceannadh

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a fuarthas fógra deireanach na bPáirtithe i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta go bhfuil a nósanna imeachta dlí faoi seach, atá riachtanach chun go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, tugtha chun críche acu.

2. Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a leasú de chomhthoil scríofa. Tiocfaidh leasú ar an gComhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis do na Páirtithe comhthoil scríofa a chur in iúl. Déanfar leasuithe ar na hIarscríbhinní le Comhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 10.

3. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra bliana a thabhairt don Pháirtí eile trí bhealaí taidhleoireachta.

IARSCRÍBHINN I
Reachtaíocht na bPáirtithe

Cuid A
Reachtaíocht Dhaon-Phoblacht na Síne

Forálacha ginearálta maidir le Dlí Sibhialta Dhaon-Phoblacht na Síne

Dlí Trádmhairc Dhaon-Phoblacht na Síne

Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáilíocht Táirgí

Dlí Caighdeánaithe Dhaon-Phoblacht na Síne

Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Talmhaíocht

Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le cáilíocht agus sábháilteacht táirgí talmhaíochta

Rialacháin maidir le Dlí Trádmhairc Dhaon-Phoblacht na Síne a chur chun feidhme

Bearta maidir le Clárú agus Riaradh Trádmharc Comhchoiteann agus Deimhniú Trádmhairc (Reacht de chuid an Riaracháin Stáit a bhí ann roimhe sin maidir le Tionsclaíocht agus Trádáil Uimh. 6)

Rialacháin maidir le hAithint agus Cosaint Trádmharcanna Aitheanta (Reacht de chuid an Riaracháin Stáit a bhí ann roimhe sin maidir le Tionsclaíocht agus Trádáil Uimh. 66)

Rialacháin maidir le Cosaint Tháirgí na dTásc Geografach (Reacht de chuid Riarachán Ginearálta na Maoirseachta Cáilíochta, Iniúchta agus Coraintín Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 78)

Bearta le haghaidh Chosaint Tháirgí na dTásc Geografach Eachtrach.

Bearta le haghaidh Riaradh na dTásc Geografach le haghaidh Táirgí Talmhaíochta

Rialacháin an Chinsire Chlárúcháin le haghaidh Tásca Geografacha na nAigreatháirgí Eachtracha

Cuid B
Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, Rialachán (CEE) Uimh. 234/79, Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001, agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, agus a rialacha cur chun feidhme

Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle

Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008

IARSCRÍBHINN II
SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA
IARRATAS AR THÁSC GEOGRAFACH A CHLÁRÚ

1. AINM AN TÁISC GHEOGRAFAIGH

[Cuir isteach ainm nó ainmneacha mar atá siad cláraithe sa tír thionscnaimh lena n-áirítear aistriúchán chun críoch faisnéise]

2. CATAGÓIR AN TÁIRGE A bhFUIL COSAINT AG AN AINM INA LEITH

[Cuireann an Páirtí tionscnaimh in iúl an chatagóir lena mbaineann an tásc geografach ina reachtaíocht bhaile]

3. IARRATASÓIR

[ainm agus seoladh an iarratasóra/an ghrúpa táirgeora nó an chomhlachais]

4. COSAINT SA tSÍN/I mBALLSTÁT TIONSCNAIMH AN AONTAIS EORPAIGH

[Cuir isteach an dáta cosanta is luaithe de réir údarás inniúil iomchuí agus soláthair fianaise chosanta]

5. TUAIRISC AR AN TÁIRGE

[Cuir isteach tuairisc theicniúil achomair (cineál, cruth, meáchan, méid, dath, blas, airíonna fisiciúla agus/nó ceimiceacha etc.) ar an táirge críochnaithe a bhfuil feidhm ag an ainm maidir leis. Le haghaidh táirgí próiseáilte, tabhair faisnéis ar na hamhábhair.

Le haghaidh fíonta agus biotáillí, tabhair faisnéis ar na hamhábhair, méid alcóil agus cuma fhisiciúil. Le haghaidh fíonta, cuir in iúl an cineál fíonchaor, cé acu is fíon dearg nó bán é agus cé acu is fíon gan súilíní nó súilíneach atá ann.]

[Le haghaidh clárúcháin mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, cuir isteach tagairt do mheas ar choinníollacha a leagtar amach i reachtaíocht iomchuí an Aontais Eorpaigh i dtaca le beathú (i leith táirgí de thionscnamh ainmhí) agus leis na hamhábhair]

6. SAINMHÍNIÚ ACHOMAIR AR AN LIMISTÉAR GEOGRAFACH

[Cuir isteach tuairisc ar theorannú an limistéir gheografaigh agus tabhair tuairisc ar na céimeanna sonracha sa táirgeadh is gá a dhéanamh as limistéar geografach sainithe.]

[Maidir le clárú mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, cuir isteach tagairt ina léirítear go mbeidh na gníomhaíochtaí táirgthe uile ar bun sa limistéar geografach sin.]

7. NASC LEIS AN LIMISTÉAR GEOGRAFACH

[Tabhair tuairisc ghairid ar an nasc idir an limistéar geografach agus cáilíocht shonrach, cáil nó tréith eile den táirge; mar shampla, ba cheart a léiriú cén chaoi a bhfuil tréithe an táirge ag brath ar an limistéar geografach ina ndéantar iad agus cad iad na heilimintí nádúrtha (riocht na hithreach agus tréithe na haeráide, cuir i gcás), eilimintí daonna agus eile (clú an táirge agus traidisiúin táirgeachta, cuir i gcás), a thugann a shainiúlacht don táirge le hais táirgí den chatagóir chéanna a tháirgtear i limistéir gheografacha eile.]

[Le haghaidh clárúcháin mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, cuir isteach tagairt do mheas ar choinníollacha a leagtar amach i reachtaíocht iomchuí an Aontais i dtaca leis an nasc

(tá cáilíochtaí nó tréithe an táirge mar thoradh go heisiach nó go bunúsach ar thimpeallacht gheografach shonrach)]

8. RIALACHA SONRACHA A BHAINEANN LE LIPÉADÚ AGUS ÚSÁID (MÁS ANN DÓIBH)

[Rialacha rialúcháin nó riaracháin an iarratasóra/an ghrúpa táirgeora maidir le lipéadú agus/nó úsáid shiombailí oifigiúla an táisc gheografaigh ar an táirge.]

9. COMHLACHT RIALAITHE / ÚDARÁS RIALAITHE ATÁ FREAGRACH AS A DHEIMHNIÚ GO BHFUILTEAR AG CLOÍ LEIS NA SONRAÍOCHTAÍ TÁIRGÍ

IARSCRÍBHINN III
Tásca geografacha na dtáirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne dá dtagraítear in Airteagal 2(2)

Ainm mar a cláraíodh é i nDaon-Phoblacht na Síne	Tras-scríobh i gcarachtair Laidineacha	Cineál táirge	Aistriúchán chun críoch faisnéise
安吉白茶	Anji Bai Cha	Táirgí eile ó Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh maidir le Feidhmiú an Aontais (an "Conradh") (spíosraí etc.) - Tae	Anji White Tea
安溪铁观音	Anxi Tie Guan Yin	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Anxi Tie Guan Yin
保山小粒咖啡	Baoshan Xiao Li Ka Fei	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Caife	Baoshan Arabica Coffee
赣南脐橙	Gannan Qi Cheng	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Gannan Navel Orange
霍山黄芽	Huoshan Huang Ya	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Huoshan Yellow Bud Tea
郫县豆瓣	Pixian Dou Ban	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Taos pónaire	Pixian Bean Paste
普洱茶	Pu'er Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Pu'er Tea

山西老陈醋	Shanxi Lao Chen Cu	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Fínéagar	Shanxi Aged Vinegar
烟台苹果	Yantai Ping Guo	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Yantai Apple
坦洋工夫	Tanyang Gong Fu	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Tanyang Gongfu Black Tea
白城绿豆	Baicheng Lü Dou	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Ispín	Baicheng Mung Bean
肇源大米	Zhaoyuan Da Mi	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Rís	Zhaoyuan Rice
婺源绿茶	Wuyuan Lü Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Wuyuan Green Tea
福州茉莉花茶	Fuzhou Mo Li Hua Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Fuzhou Jasmine Tea
房县香菇	Fangxian Xiang Gu	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Fangxian Mushroom
南丰蜜桔	Nanfeng Mi Ju	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Nanfeng Sweet Orange
苍山大蒜	Cangshan Da Suan	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Gairleog	Cangshan Garlic

房县黑木耳	Fangxian Hei Mu Er	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Fangxian Black Fungus
凤冈锌硒茶	Fenggang Xin Xi Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Fenggang Zinc Selenium Tea
库尔勒香梨	Ku'erle Xiang Li	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Korla Pear
邳州大蒜	Pizhou Da Suan	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Gairleog	Pizhou Garlic
安岳柠檬	Anyue Ning Meng	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Anyue Lemon
正山小种[9]	Zhengshan Xiao Zhong	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Lapsang Souchong
兴化香葱	Xinghua Xiang Cong	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - síobhas díhíodráitithe	Xinghua Chive
六安瓜片	Lu'an Guapian	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Lu'an Melon-seed-shaped Tea

[9] Le haghaidh idirthréimhse cúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní chuirfear cosc, le cosaint an táisc gheografaigh "正山小种" ar úsáid an téarma "Lapsang Souchong" i gcríoch an Aontais Eorpaigh le haghaidh tae, ar choinníoll:

- gur féidir a thaispeáint gur cuireadh an táirge lena mbaineann ar mhargadh an Aontais Eorpaigh roimh 3 Meitheamh 2017; agus
- nach gcuireann an táirge lena mbaineann an tomhaltóir Eorpach amú; is gá a thionscnamh geografach a léiriú ar bhealach soléite agus sofheicthe.

宜宾芽菜	Yibin Ya Cai	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Péacán pónaire (Glasraí picilte)	Yibin Bean Sprout
静宁苹果	Jingning Ping Guo	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Jingning Apple
安丘大姜	Anqiu Da Jiang	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Sinséar	Anqiu Ginger
建宁通心白莲	Jianning Tong Xin Bai Lian	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Cnó lotus	Jianning White Lotus Nut
松溪绿茶	Songxi Lü Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Songxi Green Tea
罗平小黄姜	Luoping Xiao Huang Jiang	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Sinséar	Luoping Yellow Ginger
苍溪红心猕猴桃	Cangxi Hong Xin Mi Hou Tao	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Cangxi Red Kiwi Fruit
庆元香菇	Qingyuan Xiang Gu	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Qingyuan Mushroom
长寿沙田柚	Changshou Sha Tian You	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Changshou Shantian Pomelo

凤凰单丛	Fenghuang Dan Cong	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Fenghuang Single Cluster
涪城麦冬	Fucheng Mai Dong	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Tiúbar	Fucheng Ophiopogon japonicus
狗牯脑	Gou Gu Nao	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Gougunao Tea
武夷山大红袍	Wuyishan Da Hong Pao	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Mount Wuyi Da Hong Pao
晋州鸭梨	Jinzhou Ya Li	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Jinzhou Pear
吐鲁番葡萄干	Turpan Pu Tao Gan	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Rísín	Turpan Raisin
安化黑茶	Anhua Hei Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Anhua Dark Tea
嵊泗贻贝	Shengsi Yi Bei	Iasc úr, moilisc, agus crústaigh agus táirgí a fhaightear uathu sin - Dúilicín	Shengsi Mussel
辽中玫瑰	Liaozhong Mei Gui	Bláthanna agus plandaí - Bláthanna ornáideacha	Liaozhong Rose
横县茉莉花茶	Hengxian Mo Li Hua Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Hengxian Jasmine Tea

蒲江雀舌	Pujiang Que She	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Pujiang Que She Tea
峨眉山茶	Emeishan Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Mount Emei Tea
朵贝茶	Duobei Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Duobei Tea
五常大米	Wuchang Da Mi	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Rís	Wuchang Rice
福鼎白茶	Fuding Bai Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Fuding White Tea
吴川月饼	Wuchuan Yue Bing	Arán, pastaetha, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara - Pastaetha	Wuchuan Mooncake
兴隆咖啡	Xinglong Ka Fei	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Caifé	Xinglong Coffee
绍兴酒	Shaoxing Jiu	Deoch ríse alcólaí	Shaoxing Rice Wine
贺兰山东麓葡萄酒	Helanshan Dong Lu Pu Tao Jiu	Fíon	Wine in Helan Mountain East Region
桓仁冰酒	Huanren Bing Jiu	Fíon	Huanren Icewine
烟台葡萄酒	Yantai Pu Tao Jiu	Fíon	Yantai Wine

惠水黑糯米酒	Huishui Hei Nuo Mi Jiu	Deoch ríse alcólaí	Huishui Black Glutinous Rice Wine
西峡香菇	Xixia Xiang Gu	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Xixia Mushroom
红崖子花生	Hongyazi Hua Sheng	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Pis talún	Hongyazi Peanut
武夷岩茶	Wuyi Yan Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Wuyi Rock Tea
英德红茶	Yingde Hong Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Yingde Black Tea
剑南春酒	Jian Nan Chun Jiu/Jian Nan Chun Chiew	Deoch bhiotáilleach	Jian Nan Chun Liquor
高炉家酒（高炉酒）	Gao Lu Jia Jiu /Gao Lu Jiu	Deoch bhiotáilleach	Gao Lu Jia Liquor/Gao Lu Liquor
扳倒井酒	Ban Dao Jing Jiu	Deoch bhiotáilleach	Ban Dao Jing Jiu
沙城葡萄酒	Shacheng Pu Tao Jiu	Fíon	Shacheng Wine
茅台酒（贵州茅台酒）	Moutai Jiu（Kweichow Moutai Jiu）/Moutai Chiew（Kweichow Moutai Chiew）	Deoch bhiotáilleach	Moutai Liquor/Kweichow Moutai Liquor
五粮液	Wu Liang Ye	Deoch bhiotáilleach	Wuliangye Liquor
盘锦大米	Panjin Da Mi	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Rís	Panjin Rice

吉县苹果	Jingning Ping Guo	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Jixian Apple
鄂托克阿尔巴斯山羊肉	Etuoke Aerbasi Shan Yang Rou	Feoil úr (agus scairteach) - Feoil ghabhair	Otog Arbas Goat Meat
扎兰屯黑木耳	Zhalantum Hei Mu Er	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Zhalantun Black Fungus
岫岩滑子蘑	Xiuyan Hua Zi Mo	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Xiuyan Pholiota Nameko
东港大黄蚬	Donggang Da Huang Xian	Iasc úr, moilisc, agus crústaigh agus táirgí a fhaightear uathu sin - Breallach	Donggang Surf Clam
东宁黑木耳	Dongning Hei Mu Er	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Dongning Black Fungus
南京盐水鸭	Nanjing Yan Shui Ya	Táirge feola (cócaráilte, saillte, deataithe) - Feoil lachan	Lacha Shaillte Nanjing
千岛银珍	Qiandao Yin Zhen	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Qiando Rare Tea
泰顺三杯香茶	Taishun San Bei Xiang Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Taishun Three Cups of Incense Tea
金华两头乌猪	Jinhua Liang Tou Wu Zhu	Feoil úr (agus scairteach) - Muiceoil	Jinhua Pig

罗源秀珍菇	Luoyuan Xiu Zhen Gu	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Muisiriún	Luoyuan Pleurotus Geesteranus
桐江鲈鱼	Tongjiang Lu Yu	Iasc úr, moilisc, agus crústaigh agus táirgí a fhaightear uathu sin - Iasc	Tongjiang Bass
乐安竹笋	Le'an Zhu Sun	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Glasraí	Le'an Bamboo Shoots
莒南花生	Junan Hua Sheng	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Pis talún	Junan Peanut
文登苹果	Wendeng Ping Guo	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Wendeng Apple
安丘大葱	Anqiu Da Cong	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Glasraí	Anqiu Chinese Onion
香花辣椒	Xianghua La Jiao	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Glasraí	Xianghua Chilli
麻城福白菊	Macheng Fu Bai Ju	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Macheng Chrysanthemum Tea
潜江龙虾	Qianjiang Long Xia	Iasc úr, moilisc, agus crústaigh agus táirgí a fhaightear uathu sin - Cráifisc	Qianjiang Crayfish
宜都宜红茶	Yidu Yi Hong Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Yidu Black Tea
大埔蜜柚	Dapu Mi You	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Tai Po Honey Pomelo

桂平西山茶	Guiping Xi Shan Cha	Táirgí eile d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.) - Tae	Guiping Xishan Tea
百色芒果	Baise Mang Guo	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Torthaí	Baise Mango
巫溪洋芋	Wuxi Yang Yu	Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte - Glasraí	Wuxi Potato
